COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**AD 55/26**

**LIMITE**

**CONF-ME 19**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>- Caibidil 29: An tAontas Custaim |

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

**Caibidil Chaibidlíochta 29: An t-aontas custaim**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2/12) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirt-chomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;

– na riachtanais a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais, agus a thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh caibidlíochta AD 15/14 REV 2 CONF-ME 10 agus AD 11/26 CONF-ME 10 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 29 mar atá i bhfeidhm ón 16 Aibreán 2026, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an acquis faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Meabhraítear don Aontas go measann sé gur gá, *inter alia*, forálacha maidir leis na míreanna seo a leanas a áireamh sa Chonradh Aontachais le Montainéagró:

– foráil lena n-áirithítear bailíocht leanúnach iar-aontachais na gcruthúnas tionscnaimh arna n-eisiúint roimh an aontachas faoi chuimsiú comhaontuithe fabhracha arna dtabhairt i gcrích ag Montainéagró le tríú tíortha. Tá gá leis an mbeart sin chun deimhneacht dhlíthiúil agus muinín na n-oibreoirí a choinneáil ar bun agus a urramú;

– forálacha maidir le stórasú custaim, próiseáil isteach agus cead isteach sealadach. Tá gá leis na forálacha sin chun na coinníollacha a shonrú faoina n-urscaoilfear na nósanna imeachta sin;

– forálacha maidir le dleachtanna a loghadh, a aisghabháil agus a aisíoc. Tá gá leis na forálacha sin chun acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh a bhainistiú go cuí.

I gcás ina dtagraítear sna forálacha sin do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú), lena n-áirítear a ghníomhartha cur chun feidhme agus a ghníomhartha tarmligthe, déanfar na tagairtí sin a fhorléiriú mar thagairtí do Chód Custaim nua an Aontais a luaithe is infheidhme.

Measann an tAontas gur cheart a shonrú san Ionstraim Aontachais go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na hoiriúnuithe a dhéanamh ar na forálacha den Ionstraim Aontachais a bhaineann leis an aontas custaim a d’fhéadfadh a bheith riachtanach mar thoradh ar mhodhnú ar rialacha an Aontais. D’fhéadfadh oiriúnuithe den sórt sin a bheith déanta roimh dháta an aontachais.

PUBLIC

**Reachtaíocht chustaim**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil a reachtaíocht náisiúnta chustaim á hailíniú le *acquis* custaim an Aontais go leanúnach ag Montainéagró ó cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcaibidil sin in 2014.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Dlí Custaim Mhontainéagró ailínithe go ginearálta le Cód Custaim an Aontais, agus leis an reachtaíocht thánaisteach chomhfhreagrach, agus le *acquis* an Aontais maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach. Áirítear sa Dlí Custaim agus sna rialacháin, agus sna leabhair rialacha náisiúnta ábhartha, forálacha maidir le rialacha agus nósanna imeachta custaim ginearálta, stádas custaim agus idirthuras custaim, luacháil chustaim, aicmiú custaim agus taraif chustaim, rialacha tionscnaimh, bainistiú riosca custaim agus gnéithe slándála, lena n-áirítear clár an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe, atá ailínithe, tríd is tríd, leis na forálacha comhfhreagracha i gCód Custaim an Aontais.

Thairis sin, i réimse an aicmithe custaim agus na taraife custaim, is díol sásaimh don Aontas na leasuithe bliantúla a dhéantar ar an Dlí maidir le Taraif Chustaim chun a áirithiú go n-ailínítear reachtaíocht Mhontainéagró go leanúnach leis na leasuithe bliantúla ar Rialachán Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

Tugann an tAontas dá aire, i réimse an fhaoisimh ó dhleacht, go bhfuil reachtaíocht Mhontainéagró ailínithe, den chuid is mó, le *acquis* an Aontais. Tá an tAontas ag súil go n-ailíneoidh Montainéagró, faoi dháta an aontachais, a rialacha maidir le díolúintí a bhaineann le beoir a allmhairiú i mbagáiste pearsanta taistealaithe le rialacha an Aontais. Cuireann an tAontas in iúl nach mór deireadh a chur le feidhm a bheith ag díolúintí náisiúnta nach gceadaítear san Aontas faoi dháta aontachais Mhontainéagró leis an Aontas.

Is díol sásaimh don Aontas go mbeartaíonn Montainéagró Dlí nua maidir le hIonad Ilfhreastail a ghlacadh lena gcuirfear an bunús dlí ar fáil do chur chun feidhme *acquis* an Aontais i ndáil le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custam agus gur neartaigh sé na forálacha rialála i ndáil le Saorlimistéir arb é is aidhm dóibh sásraí rialaithe a fheabhsú laistigh de shaorlimistéir, maoirseacht chustaim, trédhearcacht agus comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta a threisiú.



PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas freisin gur dhaingnigh Montainéagró an Coinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach agus an Coinbhinsiún maidir le Foirmiúlachtaí i leith Trádáil Earraí a Shimpliú agus a aontachas leis na Coinbhinsiúin sin an 1 Samhain 2025.

Maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla, is díol sásaimh don Aontas an t-ailíniú atá déanta ag Montainéagró le *acquis* an Aontais.

Maidir le rialú custaim ar earraí cultúrtha, tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró ailínithe, den chuid is mó, le *acquis* an Aontais. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró an Dlí a ghlacadh a luaithe is féidir maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle, Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 1081/2012, Rialachán Uimh. 2019/880 ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1079.

Maidir le rialú airgid thirim a bheith á dhéanamh ag lucht custaim, tá creat dlíthiúil Mhontainéagró lena rialaítear rialú gluaiseachta trasteorann airgid thirim fós le hailíniú le *acquis* an Aontais. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró a reachtaíocht maidir le rialú airgid thirim a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil Mhontainéagró maidir leis an rialú a dhéanann lucht custaim ar réamhtheachtaithe drugaí ailínithe ar an mórgóir le *acquis* an Aontais agus tá sé ag súil go dtabharfaidh Montainéagró an t-ailíniú chun críche faoi dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn maith a rinneadh agus tiomantas Mhontainéagró *acquis* iomlán an Aontais i gCaibidil 29 a chur i bhfeidhm agus aon athruithe ar an *acquis* sin a thrasuí ina reachtaíocht faoi dháta an aontachais. Meabhraítear don Aontas go mbeidh reachtaíocht chustaim an Aontais infheidhme go díreach i Montainéagró ó dháta an aontachais agus gur cheart do Mhontainéagró na bearta iomchuí a dhéanamh d’fhonn deireadh a chur le haon fhoráil i gcomhaontuithe déthaobhacha ábhartha a d’fhéadfadh a bheith neamh-chomhoiriúnach le *acquis* an Aontais, nó í a leasú, de réir mar is iomchuí, ó dháta an aontachais.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró é a choinneáil ar an eolas go rialta faoina bhfuil ag tarlú agus faoi na bearta a dhéantar a mhéid a bhaineann lena reachtaíocht chustaim a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go gcomhlíontar, le glacadh na bhforálacha reachtach a dtugtar cuntas orthu thuas, ceanglais an chéad tagarmhairc deiridh mar a leagtar amach in AD 33/14 CONF 27.

**Acmhainneacht riaracháin agus eagraíochtúil**

Tugann an tAontas dá aire a thiomanta atá Montainéagró a bheith réidh chun foráil a dhéanamh do chur i bhfeidhm aonfhoirmeach éifeachtach an *acquis* custaim tráth an aontachais. Measann an tAontas go gcomhlíonfaidh Montainéagró a ghealltanais feabhas a chur ar a chumas cur chun feidhme i réimse an chustaim faoi dháta an aontachais.

Eagraíocht riaracháin

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag Riarachán Custaim Mhontainéagró maidir lena chumas an reachtaíocht chustaim a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach a neartú.

Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh Leabhar Rialacha maidir le heagrú inmheánach agus aicmiú post i mí Dheireadh Fómhair 2025, ina leagtar amach struchtúr na heagraíochta chomh maith le líon agus aicmiú na bpost sa Riarachán Custaim. Tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró Straitéis Ghnó chuimsitheach agus Plean Gníomhaíochta cuimsitheach don Riarachán Custaim le haghaidh na tréimhse 2024-2026 i mí Dheireadh Fómhair 2024, plean atá á chur chun feidhme go comhsheasmhach aige. I mí Lúnasa 2025, glacadh an Straitéis Bainistíochta Acmhainní Daonna don tréimhse 2025-2026 chomh maith le Straitéis Oiliúna.

Tugann an tAontas dá aire freisin Roinn Rialaithe Inmheánaigh dea-fheidhmiúil an Riaracháin Custaim a fheidhmíonn go maith agus molann sé di leanúint dá cuid oibre go neamhspleách. Is díol sásaimh don Aontas cur chuige réamhghníomhach an Riaracháin Custaim maidir le bearta a chur chun feidhme chun an t-éilliú a chosc agus chun ardleibhéal ionracais a áirithiú.

Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an Dlí maidir le Saorlimistéir lena leathnaítear na cumhachtaí custaim chun earraí a rialú agus a mhaoirsiú sna saorlimistéir agus molann sé do Mhontainéagró a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán é gan mhoill.



PUBLIC

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leanúint dá chumas riaracháin a threisiú chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa chaibidil seo. Is díol sásaimh don Aontas na gealltanais a thug Montainéagró a acmhainneachtaí custaim a neartú chun go mbeidh sé in ann déileáil le méideanna trádála níos mó, a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le hacmhainní dílse an Aontais a bhailiú chomh maith le leibhéal coibhéiseach rialaithe a áirithiú ar earraí a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais tar éis aontachas Mhontainéagró leis an Aontas. Meabhraíonn an tAontas do Mhontainéagró go bhfuil sé ríthábhachtach an cur chun feidhme a dhéanann sé agus a acmhainneachtaí digiteacha i réimse an chustaim a threisiú toisc go mbeidh Montainéagró freagrach as na nósanna imeachta custaim agus as na rialuithe ar earraí a thagann isteach in Aontas Custaim an Aontais agus, dá bhrí sin, sa Mhargadh Aonair ó dháta an aontachais.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Aontas na gealltanais láidre a thug Montainéagró bearta a dhéanamh go dtí go dtarlóidh an t-aontachas chun tuilleadh feabhais a chur ar acmhainneacht an Riaracháin Custaim i réimsí na n-acmhainní daonna, na hoiliúna, an trealaimh rialaithe custaim, an tomhais feidhmíochta, nuachóiriú na nósanna imeachta custaim agus na bpróiseas imréitigh, feabhas a chur ar an rialú custaim agus ar an gcumas forfheidhmithe chun an *acquis* a chur chun feidhme go héifeachtach.

Tá an tAontas ag súil go gcoinneoidh Montainéagró ar an eolas é go rialta maidir leis na forbairtí agus na bearta a dhéanfar i ndáil leis sin. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil roinnt pleananna gníomhaíochta ullmhaithe ag Montainéagró ina bhfuil garspriocanna agus spriocanna insoláthartha nithiúla chun a chumas cur chun feidhme a neartú. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta sin. Go háirithe, tá coinne ag an Aontas go méadóidh Montainéagró líon na n-oifigeach custaim (lena n-áirítear speisialtóirí TF) trí 40 oifigeach lánaimseartha ar a laghad in aghaidh na bliana a chur leis an líon sin (10 % den líon atá ann faoi láthair) faoi dháta an aontachais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go mbeidh ar Údarás Custaim Mhontainéagró, ó dháta an aontachais, teorainneacha Mhontainéagró, a bheidh ina dteorainneacha seachtracha de chuid an Aontais ina dhiaidh sin, a bhainistiú agus a rialú ar mhaithe le saoránaigh agus oibreoirí trádála an Aontais.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí thuasluaite ceanglais an dara tagarmharc deiridh a leagtar amach in AD 33/14 CONF 27.

<u>Timpeallacht chustaim dhigiteach</u>

PUBLIC

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go gceanglaítear le haontachas leis an Aontas go ndéanfar nósanna imeachta custaim a dhigitiú go hiomlán agus go mbeidh na córais dhigiteacha a úsáideann Riarachán Custaim Mhontainéagró idirnasctha le timpeallacht chustaim dhigiteach an Aontais.

Rinne an tAontas measúnú dearfach ar an gcur chun feidhme atá á dhéanamh ag Montainéagró ar Chéim 6 den Chóras Nua Ríomhchuidithe Idirthurais (CNRI) agus ar na feabhsuithe ar a córais náisiúnta faisnéise custaim a bhfuil feidhmiúlachtaí breise acu i réimsí an dearbhaithe custaim agus na próiseála cinntí custaim, an bhainistithe riosca uathoibrithe agus na próiseála réamhshonraí maidir le trácht muirí agus poist.

Aithníonn an tAontas gur ghlac Montainéagró pleananna uaillmhianacha chun na córais chustaim dhigiteacha uile nach mór a bheith ar fáil i Montainéagró a fhorbairt chun go mbeidh sé in ann *acquis* custaim an Aontais a chur chun feidhme i dtimpeallacht dhigiteach atá ailínithe go hiomlán le caighdeáin agus ceanglais an Aontais faoi dháta an aontachais agus gur áirithigh sé na hacmhainní buiséadacha is gá. Go háirithe, tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró clár náisiúnta chun 11 chomhpháirt náisiúnta de chórais chustaim dhigiteacha an Aontais a fhorbairt, a thástáil agus a chur i bhfeidhm, ar comhpháirteanna iad a dheonaigh Riarachán Airgeadais Phoblacht na Slóivéine, chomh maith leis an Córas Onnmhairiúcháin Uathoibrithe agus an dara Córas Rialaithe Allmhairiúcháin.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró clár náisiúnta cur chun feidhme níos mionsonraithe a ghlacadh, lena n-áirítear amlínte, garspriocanna agus spriocanna insoláthartha nithiúla insroichte do gach céim den tionscadal, foráil a dhéanamh maidir le córas láidir chun faireachán a dhéanamh ar na garspriocanna eatramhacha, agus creat rialachais a bhunú lena n-éascófar plé oscailte le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Dá réir sin, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró scéim rialachais leordhóthanach a bhunú a mbeidh ranna éagsúla rannpháirteach inti chomh maith le bainistíocht shinsearach chun an cur chun feidhme digiteach is gá a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus chun aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí sainaitheanta. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró acmhainneacht an Riaracháin Custaim a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun na tionscadail a bhainistiú ó thaobh gnó agus TF de (acmhainní daonna laistigh den Riarachán Custaim) agus chun tacaíocht gan bhriseadh ó chonraitheoirí seachtracha a áirithiú chomh maith le comhar agus comhordú éifeachtach a chothú le seirbhísí an Choimisiúin. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró straitéis aistrithe agus oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'oifigigh chustaim agus d'oibreoirí eacnamaíocha, agus acmhainní á leithdháileadh agus á n-áirithiú ag an am céanna chun na córais a fhorbairt agus a chothabháil go leanúnach i gcomhréir leis na hathruithe i dtimpeallacht chustaim dhigiteach an Aontais.

Dá bhrí sin, tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró a iarrachtaí a neartú go suntasach, roimh an aontachas, chun na córais dhigiteacha is gá le haghaidh digitiú na nósanna imeachta custaim a fhorbairt, a thástáil agus a imscaradh go náisiúnta, lena n-áiritheofar bainistiú riosca uathoibrithe agus rialuithe cuí ar shreafaí earraí, agus lena ndéanfar teorainneacha seachtracha an Aontais a choimirciú.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé do Mhontainéagró gníomhaíochtaí leordhóthanacha a dhéanamh chun na ceanglais thuasluaite a chomhlíonadh toisc nach mbeifear in ann Montainéagró a chomhtháthú in Aontas Custaim an Aontais ó dháta an aontachais ach amháin má tá na córais dhigiteacha uile is gá de chuid an Aontais curtha chun feidhme ag an Riarachán Custaim. Áirítear leis sin timpeallacht chustaim dhigiteach náisiúnta na tíre a ailíniú le caighdeáin agus ceanglais an Aontais chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú, chomh maith le nascadh gnólachtaí ábhartha le timpeallacht chustaim dhigiteach an Aontais a chumasú. Ina theannta sin, ní mór do Mhontainéagró a áirithiú go mbeidh rochtain ar lárchórais chustaim an Aontais agus úsáid na lárchóras sin, lena n-áirítear comhtháthú sna próisis agus sna córais náisiúnta.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis rialta a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme chórais dhigiteacha riachtanacha an Aontais ina dtimpeallacht chustaim náisiúnta. Cuideoidh an Coimisiún le Montainéagró agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar dhul chun cinn Mhontainéagró maidir le clár cur chun feidhme digiteach chustaim na tíre a chur i gcrích.

Chun go mbeidh Montainéagró in ann páirt a ghlacadh sa Mhargadh Aonair agus san Aontas Custaim, cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór di a bheith in ann an reachtaíocht chustaim ábhartha agus córais TF custaim uile an Aontais is gá a chur chun feidhme, darb aidhm an creat custaim a chur i bhfeidhm go héifeachtach, faoi dháta an aontachais. Ní mór do Mhontainéagró a bheith in ann reachtaíocht chustaim agus córais TF a chur i gcrích faoi dháta an aontachais óir murach sin chruthófaí ardriosca go n-úsáidfí an tír mar phointe iontrála chun dul timpeall ar rialacha an Aontais Custaim. Chun an riosca sin a chosc, déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme cuí tráthúil Mhontainéagró ar fhorbairt agus ar fheidhmiúlachtaí na gcóras TF custaim go dtí tráth an aontachais, agus, sa chomhthéacs sin, ba cheart do Mhontainéagró tuarascálacha ar dhul chun cinn a chur ar fáil don Choimisiún gach 6 mhí ó dháta dúnta na caibidle seo. Ar an mbonn sin, úsáidfidh an Coimisiún measúnuithe rialta ar dhul chun cinn Mhontainéagró maidir le ceanglais an Aontais Custaim a chomhlíonadh go dtí tráth an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí thuasluaite ceanglais an tríú tagarmharc deiridh a leagtar amach in AD 33/14 CONF 27.

* * *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

PUBLIC

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú leis an *acquis* agus maidir leis an *acquis* a chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas i dtreis go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas chun go n-áiritheofar acmhainneacht riaracháin Mhontainéagró, ailíniú dlíthiúil iomlán leis an *acquis* i ngach earnáil a chumhdaítear leis an gcaibidil seo, chomh maith le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an *acquis* agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis* agus lena chumas riaracháin a neartú.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 15/14 REV 2 CONF-ME 10 agus AD 11/26 CONF-ME 10 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 29 mar atá i bhfeidhm ón 16 Aibreán 2026. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an acquis agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an acquis faoi thráth a aontachais leis an Aontas Eorpach

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 16 Aibreán 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.